FIREBIRD
www.firebird.ie
Tá Firebird ar cheann des na comhlachtaí déantúsaíochta is fearr sa tir.

Gaeltachtaí na Mumhan SKILLNET
CFCD Teo., Baile an Fheirtéaraigh, Trá Li, Co. Chiarraí.
T : 066 9156100 / 087 F : 066 9156348 E : eolas@gaeltachtnetwork.com
www.gaeltachtnetwork.com

NUACHT LITIR
Earrach 2009
i dteannta a chéile is fearr sin

Dein teagmháil linn maidir le do riachtanais treanála ag 0876975008 nó donal@gaeltachtnetwork.com

Spriocanna Aimisithe agus Sáraithe ag Skillnet Gaeltachtaí na Mumhan ina Chéad Bhliain ar an bhFód.

Léiríonn tuarascáil neamhspleách meastacháin lár-téarma ar Ghréasán Skillnet Gaeltachtaí na Mumhan go bhfuil bonn maith faoin ngréasán agus é ag tabhairt faoi na dúshláin atá roimis sa bhliain 2009. Sháraigh líon ballraíochta an ghréasáin (190 ball) an sprioc dhá bhliain a bhí ceapaithe dó ina chéad bhliain agus tá formhór na mball-chomhlachtaí taréis bheith rannpháirteach in ar a laghad ceann amháin de na cláracha oiliúna a reachtáladh sa bhliain 2008.

Tá dúthracht an ghréasáin don oiliúint i mbunscileanna oibre i réimse leathan comhlachtaí Gaeltachta i gCúige Mumhan soiléir le feiscint ón meastachán a deineadh ar an ngréasán le déanaí. Tá leibhéal teistiméireachta ag an oiliúint seo atá mar chuid lárnach d'obair an ghréasáin. Tá teastas FETAC leibhéal 1-5 bainte amach ag 54% des na cúrsaí oiliúna ar fad a reachtáladh i 2008.

Deir bainisteoir an ghréasáin Dónal Mac an tSíthigh gur "bhain 788 duine ar fad leas as na cúrsaí oiliúna agus forbartha a reachtáil Skillnet Gaeltachtaí na Mumhan sa bhliain 2008 agus cé go bhfuil caomhnú fostaíochta mar bhun-aidhm ag mórán comhlachtaí sa lá atá inniu ann, beidh béim á leagadh arís i mbliana ar riachtanais oiliúna na mball-chomhlachtaí céanna".

Tá Skillnet Gaeltachtaí na Mumhan ag dul i gcomhar lena gcuid ball faoi láthair féachaint conas is fearr is féidir leis an ngréasán cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu agus ag an am gcéanna, féachaint conas is féidir leo teacht i dtír ar a riachtanais oiliúna agus forbartha sa tréimhse amach romhainn.

John B. Sheehy Uachtarán Cumann Lucht Tráchtála an Daingin, Dónal Mac an tSíthigh Bainisteoir Gréasáin, Brian O' Shaughnessy PSM Skillnets, Éamonn Ó Neachtain Údarás na Gaeltachta, Dómhnall Mac Dómhnaill Cathaoirleach Skillnets Ltd., Gearóid Ó Brosnacháin Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Michéal Ó Céadagáin Comharchumann Chléire, Michéal Ó Scannail Údarás na Gaeltachta, Bríd Ó' Liatháin Bainisteoir Cúnta, Siobhán Ní Mhathúna Iasc Uí Mhathúna/Meadowlands Hotel, Michael Lyne Kerry Group, Pádraig Ó Néill Gaeltreo Teo. ag freastal ar ócáid gnó i bPáirc Ghnó an Daingin sa Daingean ar an 5ú Nollaig 2008.

Pictiúir dos na daoine a fhreastal ar an ócáid gnó a reachtáladh in Óstán na Sceilge. Bhí Peadar Ó Cuinn mar an Aoi Chainteoir ar an oíche.

Cuid dos na rannpháirtithe a fhreastal ar an gcúrsa Margaíochta a reachtáladh i mBaile Bhúirne i rith Mí Eanáir 2009.

Lá eolais do chomhlachtaí beaga in Iarthar Dhuibhneach:
Brian Cotter Cotter Refrigeration, John Moriarty Tralee IT, John Doherty, Fás, Fionnán Ó hÓgáin, Éamonn Ó Neachtain ÚnaG, Pádraig Mckenna Mckenna Construction, Dónal Mac an tSíthigh Skillnets, Gerry O Sullivan Southbound Properties, John B Sheehy Dingle Chamber of Commerce, Artie Clifford, Seafood soup company.

Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. www.cfcd.ie

C.F.C.D. Teo. a chuireann GnaM Skillnet chun cinn.

Is é Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. a tháinig sa dara háit I nGradaim Pobail na Gaeltachta. Tá réimse de ghníomhaíochtaí agus de sheirbhisí atá dírithe ar an bpobal agus ar fhorbairt cúrsaí teanga idir lámha ag an gComharchumann. Réachtálann an Comharchumann Tríd a fho-chomhlachtaí, tionscnaimh ar nós cúrsaí Gaeilge Samhraidh ar a bhfreastalíonn 2,500 scoláire, Gaeltachtaí na Mumhan Skillnet, Éigse Chorca Dhuibhne, Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta agus cúrsaí Gaeilge speisialta do mhúinteoirí bunscoile agus méanscoile, Músaem Chorca Dhuibhne agus tógra léiriúcháin teilifíse. Le cúpla bliain anuas tá an Comharchumann, I gcomhar le hAcadamh na hOllcolaíochta Gaeilge, OE Gaillimh, le hÚdarás na Gaeltachta agus An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag obair ar phlean forbartha d'ionad buan ollscolaíochta don Acadamh I gceartlár Bhaile an Fheirtéaraigh.

Oiliúint – infheistíocht seachas costas

Is minic a bhraitear gur costas breise seachas infheistíocht ag eagras í an oiliúint, agus dá bharr sin, gur cóir í a sheachaint nó a laghad di agus is féidir a sholáthar. Agus cúlú eacnamaíochta ann is minic gurb é an buiséad oiliúna is túisce a ghearrtar siar air. Ba chóir áfach, breathnú ar an oiliúint mar infheistíocht ag an ngnó sa ghearrthréimhse chomh maith leis an bhfadtréimhse toisc méid áirithe buntáistí a bheith ag baint léithi duit féin mar fhostóir agus dod fhoireann. Tá cuid desna buntáistí seo níos intomhaiste ná a chéile. Anseo thíos tá ceithre cinn des na buntáistí is tábhachtaí atá ag an oiliúint:

1.Táirgíocht á méadú: An buntáiste is intomhaiste agus dá bharr sin an ceann is tábhachtaí do mhórán daoine. D'fhéadfadh mar shampla, oiliúint fhoirmeáilte in úsáid bogearraí cabhrú leat úsáid níos éifeachtaí a bhaint astu agus am breise a fhágaint agat le haghaidh imeachtaí eile. Chomh maith leis sin deis is ea an oiliúint foghlaim fé na gnéithe is casta de tháirgí nua eile agus a n-úsáid.

2.Breis muiníne: Ní maith le daoine braistint ná fuil aon dul chun cinn á dhéanamh acu. An té a fhoghlaimíonn scil nua, lasmuigh den láthair oibre, ach go háirithe, beidh níos mó muiníne aige as féin.

3.Oiliúint lasmuigh den oifig: Deirtear gur fearrde an duine an t-athrú ná sos a thógaint. Tá sin fíor ach go háirithe i gcás na hoiliúna a dheintear lasmuigh den oifig. Fágfaidh sé an aigne níos sláintiúla agus fuinneamh níos mó ag an nduine.

4.Cothú gréasáin: Gan dabht! Tá sceideal cúrsaí oiliúna ag Skillnet Gaeltachtaí na Mumhan do 20 rannpháirtí ag an am. Sin 19 duine agat chun go raghfá ag caint leo.

Samplaí des na ballchomhlachtaí:

Kerry Spring, Skellig Hotel, Benners Hotel, Murphy's Ice Cream, Southbound Properties, Fireblock, Firebird boilers, Folláin Teo, Mark Éire Powerflow Ltd, Nemeton Ltd., Coláiste na Rinne,, Sceilg Ola, Gael Treo Teo.

Riachtanaisí na nGnólachtaí a chaitheann an oiliúint a thiomáint

Anseo thíos tá giota ón rannóg 'Bainisteoirí ag scríobh ar Bhainisteoirí' san Irish Times.

Ainm:	Alan Nuzum
Post:	Príomh-Fheidhmeannach
Eagras:	Skillnets Ltd.
www.skillnets.ie	

Comhairle do Bhainisteoirí: Dein bhur gcuid infheistíochta san oiliúint a dhíriú ar an ngnó agaibhse a réiteach don gcúlú eacnamaíochta ionas go mbeidh sibh ullamh don mborradh a thiocfaidh fé arís.

Ba chóir go mbeadh an oiliúint ina cuid lárnach don iomaíochas in eagras ar bith. Sí an fhírinne áfach, go dtugtar fén oiliúint gan aon spriocanna cinnte a leagan amach di ná aon tuairim a bheith ag bainsteoirí fé conas mar a rachaidh sí i bhfeidhm i ndáiríre ar an gcomhlacht.

"Níl san oiliúint ag gnólachtaí áirithe ach rud amháin eile ar an liosta siopadóireachta go gceapann fostóirí go gcaitheann siad í a dhéanamh' arsa Alan Nazum, Príomh-Fheidhmeannach Skillnets, An Áisíneacht Stáit atá freagrach as an oiliúint a bhfuil an fhiontraíocht á tiomáint, a soláthar.

"Ach ní leor sin, go háirithe agus an cúlú eacnamaíochta fé lán seol" ar seisean. "Caithfidh bainsteoirí an oiliúint a dhíriú ar ghné éigin den ngnó. Caithfear buntáiste ó thaobh iomaíochais de a bheith mar bhonn ag an oiliúint, go háirithe in am an ghátair".

Anseo a thagann Skillnets isteach sa scéal. An aidhm atá aige ná chun gréasáin chomhlachtaí a thabhairt le chéile agus a mhaoiniu, comhairle a chur orthu fé riachtanaisí oiliúna a aithint agus ansin teacht ar an oiliúint is fearr a oireann dóibh. Beidh ?26m euro á gcaitheamh ag Skillnets i mbliana.

"Ní dheinimid oiliúint a chur ar fáil ach deinimid caighdeáin dhea-chleachtais a leagan síos i gcás lucht soláthar na hoiliúna – agus an riachtanas is mó atá againn ná go mbeidh an sórt oiliúna a chuirtear ar fáil ar an gceann is mó a bhfuil gá ag an gcomhlacht leis.

Ní mór don oiliúint a bheith ag obair ar dhá bhealach: caithfidh sí cur le hiomaíochas an chomhlachta agus caithfidh sé cur le cumas an fhostaí post a aimsiú".

A mbíonn le rá ag na fostaithe féin fén oiliúint, a mbíonn foghlamtha acu, conas mar a chuireann siad an méid a fhoghlaimíonn siad i bhfeidhm agus conas mar a théann sin i bhfeidhm ar an ngnó féin - sin iad na slata tomhais tréna n-áirítear fiúntas na hoiliúna. Samhail Kirkpatrick a thugtar ar a leithéid.

Tógann Skillnets an samhail sin céim eile chun cinn. Deineann siad an ROI – .i. an Toradh ar Infheistíocht, a thomhas. Forbairt ar shamhail Kirkpatrick é sin agus an Dr. Jack Phillips ón Institiúid ROI a cheap.

"An aidhm ag an gcéim bhreise seo ná chun tionchar na hoiliúna a mheas agus é sin a dhéanamh fé chúpla ceann de theidil agus ansin chun luach a chur ar na buntáistí don ngnó ó thaobh airgid de" arsa Nuzum.

Téir do dtí ár suíomh idirlín ag www.gaeltachtnetwork.com chun an t-alt iomlán a léamh.

Stair Achomair GnaM Skillnet

Bunaíodh an gréasán oiliúna in 2008 mar fhreagairt ar an bhfíorghá a bhí i bpobal na Gaeltachta le breisoiliúint agus forbairt ghnó / earnála. Bheartaigh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. tionscadal suaitheanta a dhéanamh de seo i rith 2007 agus rinne siad obair ar an tionscadal céime forbartha.

Cuireadh an t-iarratas chuig Skillnets ar aghaidh, chomh maith le litreacha tiomantais ó na baill phoitéinsiúla agus socraíodh maoiniú ag deireadh 2007 le linn próisis aighneachtaí an-iomaíoch ar fad. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun an gréasán a shocrú i gceart ag tús 2008, inar bunaíodh coiste stiúrtha láidir chomh maith a rinne ionadaíocht ar an gcúig cheantar Ghaeltachta.

Tugadh na chéad imeachtaí oiliúna ag tús mhí Aibreáin agus bhí roinnt imeachtaí idir mí Aibreán agus mí Iúil. Reáchtáladh seoladh oifigiúil an Ghréasáin chomh maith ag an am seo, a chabhraigh go mór leis an tionscadal toisc gur fhreastal an-chuid daoine air (90 - 100 duine) agus bhain sé an-chlúdach amach i measc na meáin chumarsáide, go háirithe Raidió, nuachtáin áitiúla agus TG4. I dteannta na n-imeachtaí sin, chabhraigh imeachtaí cosúil le 'hócaid líonraithe Peter Quinn ag tús mhí Meán Fómhair, ar fhreastail an-chuid ball uirthi, le leibhéil feasachta ar an nGréasán a ardú, rud a spreag do bhaill páirt ghníomhach a ghlacadh sa tionscadal.

Tá sé an-soiléir go bhfeidhmíonn gréasán Gaeltachtaí na Mumhan Skillnet go han-éifeachtúil ó thosaigh oibríochtaí i mí Márta 2008. Áiríodh ar na dúshláin tosaigh, feasacht a ardú i gceantar a bhí an-scaipthe ó thaobh tíreolaíochta de. Déanann an grúpa stiúrtha ionadaíocht ar na réigiúin éagsúla agus baineann meascán maith pearsantachtaí agus taithí leis, rudaí a chuireann go gníomhach leis an ngréasán. Bhí na spriocanna a leagadh amach sa bhuniarratas an-ard i roinnt cásanna agus d'éirigh go hiontach linn sa dara leath de 2008 maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach.

Cúrsaí Oiliúna – 2009

Is féidir linn cúrsaí sa bhreis a eagrú agus a mhaoiniú, téir i dteangmháil linn fé seo le'd thoil.

Sampla:

Forbairt na Bainistíochta – Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Clitah
Clár Tionchar Margaíochta – Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Cóitseáil agus Meantóireachta, margaíocht ar an t-idirlíon
Pleanáil do chúrsaí cánach, Leabharchoimeád Bunúsach, Straitéis Gnó
Teicneolaíocht an Eolais – ECDL, Word, Excel, Cuntasí ar an Ríomhaire, Dearadh Grafach, Photoshop srl.
Sláinte & Sábháilteacht – Garchabhair san Ionad Oibre, Oiliúint in úsáid forcardaitheora agus araile

Ócáid gnó & Turasóireachta, Óstán na Sceilge – 1ú Bealtaine 2009

CAD INA THAOBH AN OILIÚINT? — dos na Fostaithe

Tá teachtaireacht ann dos na fostaithe má tá fostóirí sásta oiliúint a chur orthu:

Táid ag rá go bhfuil muinín acu as an lucht oibre.
Tá luach á chur ar a gcuid oibre agus teastaíonn uathu go mbainfidh fostaithe oiread agus is féidir amach dóibh féin sa láthair oibre.
Táid ag rá go bhfuil an gnó tiomanta do cibé dul chun cinn a dhéanfaidh na fostaithe sin ina saol oibre amach anseo.
Léiríonn sé go bhfuil páirt á ghlacadh ag na fostaithe i bhforbairt an ghnó.
Léiríonn an taighde go mbíonn torthaí níos dearfa ar dheiseanna foghlama chomh fada is a bhaineann le tairgíocht agus le spreagadh an lucht oibre.
Ní bhíonn an leibhéal dí-láithreachais chomh hard sin ná ní bhíonn an oiread sin den lucht oibre ag bogadh ar aghaidh sna gnólachtaí sin a mbíonn deiseanna foghlama is oiliúna den scoth ar fáil iontu.

Ag brú ar aghaidh - 2009

Beidh dúshláin mhóra romhainn in 2009, go háirithe ó thaobh an gheilleagair de, agus beidh ar an ngréasán é sin a thabhairt san áireamh agus é ag brú ar aghaidh. Tá gach cineál tionscail faoi bhrú anois chun maireachtáil trí thréimhse a leanfaidh ar aghaidh ar feadh tréimhse neamhchinntithe amach romhainn.

Beidh ar an ngréasán féachaint conas is fearr dul in oiriúint do seo agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is fearr obair a dhéanamh lenár mbaill chun an dúshlán seo a mhaolú.

Mar chéad chéim, tá ríomhphost curtha timpeall againn le déanaí chuig gach gnólacht a bhain leas as na tairbhí a chuireann an gréasán ar fáil, a bhfuil ceistneoir ceangailte leis chun deimhniú a fháil ar na cineálacha clár oiliúna a mbeadh gnólachtaí ag súil go n-eagrófaí ina gcomharsanacht féin. Féach ar ár suíomh Gréasáin (www.gaeltachtnetwork.com) sa roinn nuachta le do thoil, chun an ceistneoir seo a chomhlánú agus eolas ríthábhachtach a sholáthar dúinn.

Tháinig an gréasán trí thréimhse gearradh siar i mbuiséid skillnet in 2008 agus is léargas é sin ar cé chomh maith is atá ag éirí le feidhmiú an ghréasáin. Tá sé soiléir chomh maith, áfach, gur gné fhíorthábhachtach de chlár inmharthana téarnaimh geilleagair ar bith iad bearta oiliúna agus breisoiliúna do dhaoine fostaithe agus líon méadaitheach na ndaoine atá ag cailleadh a bpostanna.
Tá ballraíocht an ghréasáin faoi láthair ag 190. Go dtí seo, tá páirt glactha ag os cionn 180 díobh siúd i gclár oiliúna amháin ar a laghad ar sampla an-mhaith é sin de thiomantas na mball don tionscadal.

Ba mhaith linn spreagadh a thabhairt do gach gnólacht teagmháil a dhéanamh linn agus a bheith páirteach sa líonra oiliúna seo agus chun leas a bhaint as an gcúnamh deontais don oiliúint atá ar fáil chun oiliúint a chur ar fáil do ghnólachtaí áitiúla.

Déan teagmháil le Dónal Mac an tSíthigh le do thoil chun breis eolais a fháil, ag 087 6975008 nó donal@gaeltachtnetwork.com nó Bríd Ó Liatháin ag brid@gaeltachtnetwork.com

Gaeltachtaí na Mumhan SKILLNET
DUBLIN INSTITUTE OF TECHNOLOGY INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH ESTABLISHED 1887 MEMBER of the EUROPEAN UNIVERSITY ASSOCIATION
Údarás na Gaeltachta
Department of Enterprise, Trade and Employment
Skillnets Enterprise-led learning networks